C/2023/457

1.12.2023

P9_TA(2023)0098

Athbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Aibreán 2023 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757 (COM(2021)0551 – C9-0318/2021 – 2021/0211A(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2023/457)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0551),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0318/2021),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Seanad na Seice, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 8 Nollaig 2021 ([1]),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 28 Aibreán 2022 ([2]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 8 Feabhra 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 9 Márta 2023 á údarú don Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia an nós imeachta reachtach a dheighilt agus leanúint ar aghaidh le dhá théacs chomhdhlúite ar leithligh a chur síos lena mbreithniú sa suí iomlánach;

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Buiséad, ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0162/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é ([3]);

2. á thabhairt dá haire na ráitis ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 175.
([2]) IO C 301, 5.8.2022, lch. 116.
([3]) Cuirtear an seasamh seo in ionad na leasuithe arna nglacadh an 22 Meitheamh 2022 (Téacsanna arna nglacadh, (IO C 32, 27.1.2023, lch. 108).

P9_TC1-COD(2021)0211A

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 18 Aibreán 2023 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2023/959.)

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráiteas ón gCoimisiún – togra le haghaidh Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhair scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa

Ciste Nuálaíochta agus muirí

Faoi na hábhair thiomnaithe sa réimse muirí sna glaonna ar thograí dá dtagraítear in Airteagal 10a(8), ba cheart lamháltais 20 milliún a chur in úsáid sna réimsí sin sa tréimhse go dtí 2030, de réir na rialacha is infheidhme sna glaonna sin.

Trédhearcacht margaidh

Chun feabhas breise a chur ar shláine agus trédhearcacht mhargadh carbóin na hEorpa, tabharfaidh an Coimisiún athruithe isteach sna gníomhartha tarmligthe lena rialaítear ceantáil na lamháltas astaíochtaí agus feidhmiú Chlárlann an Aontais, chun feabhas a chur ar an tuairisciú rialála agus ar an bhfaireachán margaidh i margadh na lamháltas astaíochtaí agus na ndíorthach díobh, chun cosc agus brath drochúsáide margaidh a chur chun cinn agus chun cuidiú le margaí ordúla a choinneáil ar bun le haghaidh lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh ghaolmhara.

Le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún (An Rialachán Ceantála), bunaítear oibleagáid don ardán ceantála mionsonraí iomlána agus cruinne gach idirbhirt ceantála a thuairisciú dá n-údarás náisiúnta inniúil, údarás arna ainmniú faoi Threoir 2014/65/AE (MiFID 2). San athbhreithniú atá ar na bacáin ar an Rialachán Ceantála, déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le sonraí faoi cheantanna a bheidh le tuairisciú freisin go díreach don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA). Leis sin, cuirfear feabhas ar an bhfaireachán éifeachtúil ar cheantanna lamháltas astaíochtaí agus ar naisc ábhartha leis an margadh tánaisteach.

Le hAirteagal 55(4) de Rialachán (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún (an Rialachán maidir le Clárlann) foráiltear nach mór idirbhearta thar an gcuntar a mharcáil, ar idirbhearta déthaobhacha iad go hiomlán, nuair a chuirtear tús le haistriú lamháltas astaíochtaí i gClárlann an Aontais. Ní dhéanann rannpháirtithe sa mhargadh an mharcáil sin go córasach, áfach. Leasóidh an Coimisiún an ceanglas maidir le hidirbhearta thar an gcuntar a mharcáil, ar idirbhearta déthaobhacha iad go hiomlán, chun sealbhóirí cuntais a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr agus chun a áirithiú go gcuirfear an fhoráil sin chun feidhme ar bhealach níos fearr. Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún coigeartuithe teicniúla chun feidhme i gcóras Chlárlann an Aontais chun go mbeidh an mharcáil sin ina ceanglas éigeantach chun idirbhearta a chur i gcrích.

Chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí a bheidh ar fáil do rialtóirí margaidh i dtaca leis an margadh dá ngairtear spotmhargadh na lamháltas astaíochtaí, leasóidh an Coimisiún an Rialachán maidir le Clárlann le go mbeidh na rialtóirí margaidh in ann rochtain rialta a iarraidh ar shonraí ó Chlárlann an Aontais. Fágfaidh sin go mbeidh rialtóirí in ann faisnéis thráthúil a fháil, ar faisnéis í a mbeifear in ann a chros-seiceáil le sonraí rialála a fhaightear faoi mhargaí na ndíorthach agus chun idirghabháil a dhéanamh más iomchuí chun seasamh le feidhmiú cuí an mhargaidh carbóin Eorpaigh.

Ar deireadh, is mian leis an gCoimisiún meabhrúchán a thabhairt go ndéantar lamháltais astaíochtaí a aicmiú mar ionstraimí airgeadais faoin Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID2), ó mhí Eanáir 2018 ar aghaidh. Roimhe sin, níor tháinig ach conarthaí díorthach lamháltas astaíochtaí faoi raon feidhme rialacha an mhargaidh airgeadais. Sa chleachtas, leis an aicmiú sin, cruthaítear oibleagáidí atá thar a bheith sonrach le haghaidh eintitis a bhíonn ag trádáil sa mhargadh carbóin Eorpach.

I gcomhréir le hAirteagal 58 de Threoir 2014/65/AE (MiFID2) ní mór do na rannpháirtithe uile sa mhargadh tuairisciú ar bhonn laethúil ar líon na suíomhanna atá acu sa mhargadh carbóin (tuairisciú ar shuíomhanna). Déantar na tuairiscí ar shuíomhanna sin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil náisiúnta agus foilsíonn ESMA ar bhonn seachtainiúil iad.

De réir Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, ní mór do rannpháirtithe sa mhargadh mionsonraí faoi na hidirbhearta airgeadais uile atá acu i lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh díobh, lena n-áirítear idirbhearta thar an gcuntar, a thuairisciú do na húdaráis inniúla (oibleagáid chun idirbhearta a thuairisciú). De réir Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh), tá na rannpháirtithe uile sa mhargadh faoi réir rialacha dochta maidir le drochúsáid mhargaidh a chosc, lena n-áirítear oibleagáid dhlíthiúil chun fógra a thabhairt do na húdaráis airgeadais ábhartha faoi aon iompraíocht trádála amhrasach.

Ní mór do na rannpháirtithe sa mhargadh a n-idirbhearta i lamháltais agus i ndíorthaigh díobh a thuairisciú do na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha, údaráis atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar an margadh carbóin. Ar an leibhéal Eorpach, is é ESMA a dhéanann comhordú ar a ngníomhaíochtaí, mar is amhlaidh i gcás ionstraimí airgeadais eile.

[1] IO L 130, 16.5.2023, lch. 134.

Úsáid ioncaim

Measann an Coimisiún, le hAirteagail 3d(4), 10(3) agus 30d(6) de Threoir 2003/87/CE, nach gcuirtear oibleagáid ar na Ballstáit aon chistí a chur i leataobh ar an leibhéal náisiúnta. Leis an Treoir sin, bunaítear foinse an ioncaim agus leagtar síos cuspóirí ginearálta a ndéanfaidh na Ballstáit rogha astu le haghaidh úsáid an ioncaim sin.

Deimhníonn an Coimisiún nach gceanglaítear ar na Ballstáit na hioncaim ó cheantáil lamháltais ETS a chur in áirithe, ach go bhféadfaidh siad 'coibhéis i luach airgeadais' na n-ioncam sin a úsáid.